An Iomarca Tacsaithe sa Tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin iomarca tacsaithe sa tír seo. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

enough business _____

under pressure _____

feeding/nourishing _____

traffic problems _____

spokesperson _____

on behalf of _____

operating/working _____

open market _____

licence _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Cad is brí leis na teidil seo? **Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe**
Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth an bhfuil post Mícheál Ó Máille níos deacra anois ná mar a bhí?

2. Cé atá den tuairim go bhfuil na tacsaithe breise ag cothú fadhbanna tráchta?

3. Cad a dúirt urlabhraí ó Choimisiún um Rialáil Tacsaithe?

4. Cad é an clár nua atá á thabhairt isteach ag an choimisiún?

5. Cad é a deir tiománaithe tacsaí na Gaillimhe faoin chlár nua?

Ceist 4 ‘*tiománaí’* agus *‘tacsaí*’

Cén uimhir iolra atá ag an dá fhocal thuas?

Cuir na focail thíos san uimhir iolra agus cuir in abairtí iad. Bí cúramach áfach, ní leanann na hainmfhocail a chríochnaíonn leis an ghuta ‘u’ na rialacha céanna.

Freastalaí: _____
Oibrí: _____
Scrúdú: _____
Cruinniú: _____
Athrú: _____
Tógálaí: _____
Urlabhraí: _____

Ceist 5 ‘*sé bliana déag* ó shin’

Is ainmfhocal neamhrialta é ‘bliain’. Pléigh na rialacha a bhaineann leis.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An mbaineann tú féin úsáid as tacsaithe?
An bhfuil an iomarca tacsaithe sa cheantar a bhfuil tú i do chónaí ann?
An síleann tú go bhfuil na tacsaithe ag cur le fadhb na tráchta i gcathracha na tíre?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

enough business	**dóthain gnó**
under pressure	**faoi bhrú**
feeding/nourishing	**ag cothú**
traffic problems	**fadhbanna tráchta**
spokesperson	**urlabhraí**
on behalf of	**thar ceann**
operating/working	**ag feidhmiú**
open market	**margadh oscailte**
licence	**ceadúnas**

Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe	**The Commission for Taxi Regulation**
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	**Galway City Council**

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí an *gist* ginearálta a fháil.

Ceist 3

1. Tá cúig mhíle tacsaí breise ar shráideanna na tíre nach raibh ann ceithre bliana ó shin, agus níl dóthain gnó ann leis an méadú sin a chothú.
2. Gnáthdhaoine ar an tsráid agus comhairleoirí ó Chomhairle Cathrach Luimnigh agus na Gaillimhe.
3. Dúir urlabhraí thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe go bhfuil tiománaithe ag feidhmiú taobh istigh de mhargadh oscailte anois, agus nach mbaineann sé le hobair an rialaitheora cosc a chur ar líon na gceadúnas a cheadaítear.
4. Tá clár nua á thabhairt isteach ag an gCoimisiún i mbliana le cur le seirbhís chothabhála agus caighdeán na bhfeithiclí a úsáidtear san earnáil seo.
5. Deir siad gur beag tionchar a bheidh ag an gclár seo ar thacsaithe a bhaint den bhóthar.

Ceist 4

Freastalaí:	**freastalaithe**
Oibrí:	**oibrithe**
Scrúdú:	**scrúduithe**
Cruinniú:	**cruinnithe**
Athrú:	**athruithe**
Tógálaí:	**tógálaithe**
Urlabhraí:	**urlabhraithe**

Ceist 5
Bliain amháin
Dhá bhliain
Trí bliana
Ceithre bliana
Cúig bliana
Sé bliana
Seacht mbliana
Ocht mbliana
Naoi mbliana

Deich mbliana

Agus tú ag comhaireamh ruda cuirtear séimhiú ar an fhocal ***déag*** má chríochnaíonn an rud (an t-ainmfhocal) atá tú comhaireamh le guta. Mar shampla: *trí thábla dhéag* ach *trí bhord déag*. Ach is eisceacht é an t-ainmfhocal ***bliain*** agus mar sin ní chuirtear séimhiú ar *déag* sa chás seo.

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

An Iomarca Tacsaithe sa Tír

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais go dtí an dara leath de nuacht TG4. Tá údaráis i gcathracha ar leith ag cur brú ar an gCoimisinéir um Rialáil Tacsaithe teorainn a leagadh síos ar an méid ceadúnas tacsaithe a cheadaítear. Deir siad go bhfuil an iomarca tacsaithe i gceantair áirithe ar fud na tíre. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheann de na húdaráis sin agus tá comhairleoirí áirithe den tuairim go mbíonn i bhfad an iomarca feithiclí ag stadanna tacsaithe agus go bhfuil sé sin ag cur go mór le fadhbanna tráchta sa gcathair. Tá an scéal ag Irene Ní Nualláin.
Irene Ní Nualláin
Tá Mícheál Ó Máille ag obair mar thiománaí tacsaí le blianta fada ach deir sé go bhfuil an jab níos deacra anois ná riamh. Tá cúig mhíle tacsaí breise ar shráideanna na tíre nach raibh ann ceithre bliana ó shin, agus níl dóthain gnó ann leis an méadú seo a chothú, dar le Mícheál.
Mícheál Ó Máille
Thosaigh mise amach i naoi déag nócha a dó, sé bliana déag ó shin, *so* bhí rudaí an-chiúin ag an am, tá sé athraithe ó shin. Tá níos lú oibre ar fáil, tá níos mó daoine ag iarraidh píosa den cháca céanna a fháil dóibh féin. Tá muid faoi bhrú ó chuile thaobh.
Irene Ní Nualláin
Dea-scéal iad na tacsaithe breise seo dóibh siúd a bhaineann úsáid as tacsaithe dár ndóigh. Ach, ní hionann an scéal de thiománaithe dar le daoine áirithe.
Duine 1: Rud amháin, go bhfuil dalladh tacsaithe ann agus tacsaí ag teastáil ó dhuine, ach is dócha go bhfuil siad ag cur as do dhaoine.
Duine 2: Tá an iomarca ann, aon oíche go dtéann tú suas go dtí an Fhaiche Mhór nó síos go dtí *Bridge Street* ansin tá siad líonta *back* cúpla céad slat.
Duine 3: Sílim go bhfuil a ndóthain againn, tá na sráideanna plódaithe ag carranna agus tacsaithe, sílim go bhfuil a ndóthain againn.
Irene Ní Nualláin
Ag cruinnithe a bhí ag Comhairle Cathrach Luimnigh agus ag Comhairle na Gaillimhe an tseachtain seo, bhí comhairleoirí áirithe den tuairim go bhfuil na tacsaithe breise seo ag cothú fadhbanna tráchta sna cathracha. Tá stadanna tacsaithe dúbailte i gcathair na Gaillimhe le trí bliana anuas mar shampla, agus níl aon phlean ag aon cheann de na húdaráis cur le líon na stadanna faoi láthair. Dúirt urlabhraí thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe go bhfuil tiománaithe ag feidhmiú taobh istigh de mhargadh oscailte anois, agus nach mbaineann sé le hobair an rialaitheora cosc a chur ar líon na gceadúnas a cheadaítear. Tá clár nua á thabhairt isteach ag an gCoimisiún i mbliana le cur le seirbhís chothabhála* agus caighdeán na bhfeithiclí a úsáidtear san earnáil seo. Ach deir tiománaithe tacsaithe i gcathair na Gaillimhe inniu gur beag tionchar a bheidh ag seo ar thacsaithe a bhaint den bhóthar.
Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, i gCathair na Gaillimhe.

**seirbhís cothabháil* a deirtear